Bord Stiúrtha Ghlór na nGael
9 Feabhra 2019
4.00 i.n.

Óstán Glasán
Áth Luain

Achoimre ar Mhiontuairisc Chruinnithe an Bhoird Stiúrtha, 9 Feabhra 2019

I láthair: an tUas Pat Carey, (Cathaoirleach), an tAthair Séamas Ó hÉanaigh, An tUas Damien Ó Néill, an Dr Máire Ní Chíosáin,

Ag freastal: Lorcán Mac Gabhann (Ceannasaí), Seán Ó hAdhmaill (Mír 8), Eoghan Mac Cormaic (Miontuairiscí) Frainc Mac Cionnaith, Marcas Mac Ruairí (Tuairiscí Bainistíochta)

1. Ceadú an Chláir
Ceadaíodh clár an chruinnithe.

2. Leithscéalta
An tAthair Tadhg Furlong, an Dr Máire Ní Annracháin,

3. Coimhlint leasa nó dilseachta
D'iarr an Cathaoirleach ar bhaill an Bhoird a léiriú aon chomhlintí leasa ná dilseachta a bhí acu ar aon mhír ar an chlár.
Nótáil an Cathaoirleach go mbeadh coimhlint leasa ag Damien Ó Néill dá mbeadh aon plé faoi bhuaiteoirí an Chomórtais.

4. Miontuairiscí 12 Deireadh Fomhair 2018
Pléadh na miontuairiscí.
Glacadh leis na miontuairiscí ar mholadh an Dr. Máire Uí Chíosáin agus an Ath. Ó hÉanaigh.

Pearsanra
5. Earcaíocht

[redacted]

6. Cuir i láthair ar an chóras Salesforce
Rinne Seán Ó hAdhmaill cuir i láthair ar an chóras Salesforce, córas a bheidh in úsáid ag an fhoireann i 2019.

Aontaíodh go mbeadh uasdátú rialta don Bhord ar fhorbairt úsáide Salesforce i measc na foirne.
D'fhág Seán Ó hAdhmaill an cruinniú.

7. Tuairisc ón CII
Ní raibh aon chruinniú ag an CII ón chruinniú deireanach den Bhord Stiúrtha.

Corparáideach
8. Ráiteas caiteachais agus ioncaim Eanáir 2019

De bharr réiteach d'ócáid an Bronnta, ní raibh an ráiteas caiteachais Mí Eanáir 2019 réidh in am don chruinniú.

9. Clár measúnaithe rioscaí.

Ní raibh aon leasaithe molta ag an bhfeidhmeannas don Chlár Riosca.

10. Plean Oibre 2019
Chuir an Ceannasaí Plean Oibre 2019, aontaithe ag an bhfoireann, os comhair an Bhoird. Roinneadh cóip de rphost le tuairimí an Dr Máire Uí Annracháin i leith an phlean ar an Bhord.

Faomhadh Plean Bliana 2019.

Réimse Fiontraíochta

11. Tuairisc Veain COGG
Scaipeadh tuairisc ar chuairteanna agus díolacháin Veain COGG le linn na bliana 2018 agus pléadh í.

Nótáil an Bord an tuairisc. (Agúisíin i)

Réimse for-rochtana (Leas-cheannasaí)

12. Moladh faoi Chomórtas nua Ghlór na nGael

Roinneadh cáipéis le moladh faoi struchtúr nua comórtas Ghlór na nGael agus pléadh í. Ardaíodh ceist faoi áit na Pleanála Teanga sa chomórtas nua agus deimhníodh go mbeadh sé

lárnach sa mholadh seo. Mhínigh an Ceannasaí gur athrú radacach a bhí molta sa cháipéis Beidh rogha ag coistí tabhairt faoin bpleanáil teanga mar rud uilíoch nó tabhairt faoi phleanáil teanga ar bhonn réimse sa chomórtas.

Glacadh leis an moladh athrú bunúsach a dhéanamh ar struchtúr Chomórtas Ghlór na nGael in am do Chomórtas 2020, ach moladh críochnúil a fháil a léireoidh tuairimí na gcoistí.

13. Moladh faoi shuirbhé i measc coistí Ghlór na nGael

Pleadh moladh go ndéanfaí suirbhé ar thuairimí agus mianta coistí pobal ar chomórtas Ghlór na nGael agus ócáid bhronnta na nduaiseanna. Tuairiscíodh go mbeadh an próiseas comhairliúcháin á dhéanamh ag an Ceannasaí agus an Leas-cheannasaí le linn Feabhra agus Márta. Luaigh an Cathaoirleach go raibh sé tábhachtach cliaint suirbhé a dhéanamh.

Glacadh leis an moladh suirbhé a dhéanamh i measc coistí Ghlór na nGael.

Réimse Pobal

14. Duaischiste an Chomórtais

Thug an Bainisteoir Forbartha Pobail tuairisc ar liosta buaiteoirí chomórtais 2018, Comórtas na gCumann Triú Leibhéal san áireamh.

Faomhadh Liosta na mBuaiteoirí (Aguisín iv)

15. Céimeanna

Thug an Bainisteoir Forbartha Pobail tuairisc ar an scéim tacaíochta Céimeanna a bhí faomhtha ag an mBord i 2018. Scaipeadh cóip de leabhrán eolais na scéime ar an mBord.

Nótáil an Bord dul chun cinn na scéime Céimeanna

Réimse an Teaghlaigh

16. Tuairisc an Bhainisteora Forbartha Teaghlaigh

Thug an Bainisteoir Forbartha Teaghlaigh tuairisc ar obair na rannóige agus an bhéim nua a bheidh á leagann ar an Scéim Teanga Tí. Beidh trí (3) shaghas imeacht (Imeachtaí Scoile, Imeachtaí Teaghlaigh, Gréasáin Teaghlaigh) á aithint mar imeachtaí Teanga Tí le linn 2019.

Thuairiscigh sé go raibh cruinniú aige le Roinn na Gaeltachta faoi dhul chun cinn na Stráitéise Náisiúnta Teaghlaigh.

Glacadh leis an tuairisc agus gabhadh buíochas leis.

17. Scéim na Mac Léinn

Scaip an Ceannasaí comhfhreagras ó Choláiste na hOllscoile Gaillimh ar thionscnamh ‘lonnú oibre’ do mhic léinn Céime. [redacted]

Aontaíodh téarmaí fostaíochta do mhacléinn a bheidh lonnaithe in Oifig Ghlór na nGael, Ráth Chairn ó Eanáir 2020 go dtí deireadh Aibreán 2020.

D’fhág Eoghan Mac Cormaic an chruinniú.

18. Critéir poist an Bhainisteora Fhor-Rochtana agus Leas-cheannasaí
Scaip an Ceannasaí critéir phoist an Bhainteora Fhor-rochtana.

Aontaíodh critéir an phoist.

22. Dátaí cruinnithe 2019
Aontaíodh na dátaí seo a leanas a roinnt le baill an Bhoird
Mhol an Cathoirleach go scríobhfaí chuig baill an Bhoird agus ceist a chur otthu faoin a rogha am tosnaithe chruinnithe, 13.00 nó 15.00?

29 Márta 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
24 Bealtaine 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
24 Bealtaine 2019, 4.00 i.n. Cruinniú Cinn Bliana, Ráth Chairn
19 Iúil 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
27 Meán Fómhair 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn
29 Samhain 2019, 3.00 i.n. Cruinniú Boird, Ráth Chairn

Céad Chruinniú eile
29 Márta, 2019, 3.00 i.n. Ráth Chairn.

Eoghan Mac Cormaic
Leascheannasaí
9 Feabhra 2018.

Síniú an Chathaoirligh_____
Pat Carey
29 Márta 2019.

Torthaí

Comórtais Ghlór na nGael

2018

Coistí Gaeltachta (Urraithe ag Údarás na Gaeltachta)

An 3ú háit: €2,000 Comharchumann Mhic Dara, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

2ú háit: €3,000 Oidhreacht Chorca Dhuibhne/Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, An Daingean, Co. Chiarraí

An 1ú áit: €4,000 Áislann Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall

Coistí le daonra faoi bhun 4,000

An 3ú háit: €2,000 Glór na Speiríní, Co. Dhoire

An 2ú háit: €3,000 Glór Uachtar Tíre, Co. an Dúin

An 1ú áit: €4,000 Coiste Forbartha Charn Tóchair, Co. Dhoire

Coistí le Daonra 4,000 – 20,000

An 3ú háit: €2,000 Cairde Uí Néill, Co. Thír Eoghain

An 2ú háit: €3,000 Pobal ar a'n Iúil, Co. Thír Eoghain

An 1ú áit: €4,000 Cairde Teo., Ard Mhacha

Coistí le Daonra os cionn 20,000

An 3ú háit: €2,000 Cultúrlann Uí Chanáin, Doire

An 2ú háit: €3,000 Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste

An 1ú áit: €4,000 Glór na Móna, Béal Feirste

Duaiseanna Speisialta

Duais Ógras: **€1,000**	**Cairde TEO., Ard Mhacha**
Duais an Timire: **€700**	**Cairde Teo., Ard Mhacha**
Duais an Oireachtais: **€500**	**Glór na Móna, Béal Feirste**

Duais an Fháinne urraithe ag Gael Linn: **Dearbhán €500**	**Coiste an Iúir, An tIúr Co. an Dúin**
Duais Chomhairle Contae Dhún na nGall: **€1,500**	**Coiste Forbartha Chnoc Fola, Co. Dhún na nGall**
Duais Chomhairle Chontae na Gaillimhe: **€1,500**	**Comhlacht Forbartha Inis Meáin, Co. na Gaillimhe**
Duais Chló Iar-Chonnacht: Beart Leabhar - lu**ach €1,000**	**Conradh na Gaeilge, Bóirche Íocht., Co. an Dúin**
Duais Chomhairle na Gaelscolaíochta**: £1,500stg**	**Cairde Teo., Ard Mhacha**
Duais COGG: **€2,000**	**Gaeil Chill Dara, Co. Chill Dara**
Duais an Fhorais Pátrúnachta: **€1,000**	**Glór Locha Riach, Co. na Gaillimhe**
Duais Chonradh na Gaeilge: **€500 X 2**	**An Clár as Gaeilge, Co. an Chláir agus Craobh Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe**
Duais don Choiste Deonach is fearr, Cúige Uladh:€**1,500**	**Líonra Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall**
Duais don Choiste Deonach is fearr, Cúige Chonnacht:**€1,500**	**Glór Locha Riach, Co. na Gaillimhe**
Duais don Choiste Deonach is fearr, Cúige Mumhan: **€1,500**	**Clochán Bhréanainn, Co. Chiarraí**
Duais don Choiste Deonach is fearr, Cúige Laighean: **€1,500**	**Gaeil Chill Dara, Cill Dara**
Duais don Iontráil Nua is fearr: **€1,500**	**Coiste Forbartha Chnoc Fola, Co. Dhún na nGall**
Duais Aitheantais: **€1,000**	**Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, Co. Dhún na nGall**

Comórtas na hCumann Gaelacha sna hInistiúidí Tríú Leibhéil.

1ú Áit - €3,000	**An Cumann Gaelach -Coláiste na Tríonóide**
2ú Áit - €2,000	**An Cumann Gaelach - Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)**
3ú Áit - €1,500	**Cuallacht Cholmcille Mhá Nuad**
Duais Athmhuintearas - €1,000	**An Cumann Gaelach Ollscoil na Banríona, Béal Feirste**
Duais Trasteorainn - €1,000	**An Cumann Gaelach Ollscoil na Banríona, Béal Feirste**
Duais Aitheantais - €1,000	**An Cumann Gaelach - Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath - (UCD)**

Duais na Moltóirí - €500

An Cumann Gaelach Ollscoil na